TOTALS	43963	42437	23290	32672	22976	40768	32732	22295	25534

Table 6 Foyle Area Average Annual Catches of Salmon and Grilse for each Class of Commercial Fishing Engine 1997 - 2005

Class of Fishing Engine	1997	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Drift Nets : Sea Only	290	377	147	202	121	310	188	173	161
Drift Nets : Lough & Sea	248	288	153	228	141	289	154	147	150
Drift Nets : Lough Only	642	95	56	171	74	129	73	59	48
Draft Nets : River Foyle & River Roe	246	227	184	220	220	277	347	421	213
Fixed Engines	--	--	--	--	--	--	--	5	--

Loughs Agency Annual Report and Accounts **2005**

Table 7 Number of Commercial Licences Issued 1997 - 2005

Class of Licence	1997	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Drift Nets : Sea Only	19	20	19	18	18	17	18	13	15
Drift Nets : Lough & Sea	76	79	79	76	76	78	77	69	71
Drift Nets : Lough Only	11	11	9	8	8	8	6	6	7
Draft Nets : River Foyle	50	48	42	46	42	43	50	51	57
River Roe	1	1	1	1	1	--	--	--	--
Fixed Engines	--	--	--	--	--	--	--	1	--

Table 8 Proportion of Foyle Area Net Catch Taken By Various Classes of Fishing Engines 1997 - 2005

Class of Fishing Engine	Proportion of Foyle Area Net Catch								
	1997	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Drift Nets : Sea Only	12.5	17.8	12.8	11.1	9.4	12.9	10.3	10.1	9.4
Drift Nets : Lough & Sea	42.9	53.4	55.4	53.1	46.7	55.4	36.2	45.5	41.7
Drift Nets : Lough Only	16.0	2.5	2.3	4.2	2.6	2.5	1.6	1.8	1.3
Draft Nets : River Foyle & River Roe	28.6	26.3	29.5	31.6	41.3	29.2	51.9	42.58	47.6
Fixed Engines :	--	--	--	--	--	--	--	0.02	--
Londonderry Fishery:	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Table 9 Purchases of Rod Caught Salmon March - April 30th 1991 - 2005

Year	No. of Salmon Purchased
1991	149
1992	172
1993	73
1994	483
1995	167
1996	129
1997	195
1998	186
1999	124
2000	170
2001	39
2002	118
2003	85
2004	151
2005	38

Loughs Agency Annual Report and Accounts **2005**

Table 10

2003		ROD CATCH RETURNS (SALMON & GRILSE) 2005												Totals					
		March		April		May		June		July		August		September		October		Month Not Recorded	
		No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.
CAMOWEN	-	-	1	2	5	-	-	9	12	5	12	40	67.7	37	80	-	-	84	178.7
CLANRYE	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	0	0
CULDAFF	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	1	2	-	-	-	-	1	2
DEELE	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	1	3	-	-	1	3
DENNETT	-	-	-	-	-	1	1	-	-	2	5.4	1	5	2	5	-	-	6	16.4
DERG	15	36	26	59	8	23	42	104	79	94	209	73	158	27	15	-	-	324	743
DRUMRAGH	-	-	-	-	2	2	3	5	-	7	19	-	-	10	19	-	-	22	45
FAUGHAN	-	-	52	112	24	59.7	85	165	187	168	384	196	517	110	286	1	5	822	1891
FINN	36	104	135	396	181	528	370	758	155	150	356	53	104	4	11	-	-	1084	2576
FOYLE	4	11	2	5.4	-	-	10	18	12	4	8	2	5	1	3	-	-	35	71.4
GLENELLY	2	6	-	-	-	-	1	2	-	7	21	25	85	17	59	10	16	52	173
MOURNE	7	21	63	136	31	111	209	387	304	186	440	178	504	70	218	13	48	1048	2433
OWENKILLEW	2	5	12	42	-	-	2	3	5	12	25	21	64	16	47	2	5	67	198
REELAN	1	1	2	5	-	-	4	13	7	14	21	1	3	15	36	7	6	44	93
ROE	2	6	24	70	3	8	10	24	62	128	43	123	274	74	240	-	-	309	873
STRULE	2	4	7	15	7	18	16	32	51	117	46	89	24	45	80	2	5	186	400
WHITEWATER	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
River not Recorded	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
TOTALS	71	194	324	842.4	258	754.7	753	1512	831	1685	735	1712.4	696	1834	416	1159	-	4084	9693.5

Table 11

Table 11		ROD CATCH RETURNS (TROUT) 2005																							
		March		April		May		June		July		August		September		October		Recorded		Totals					
		No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.	No.	Kgs.		
CAMOWEN	-	-	1	1	-	-	1	1	8	2	1	0.5	1	1	-	-	-	-	-	-	-	-	14	6	
CLANRYE	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	
CULDAFF	-	-	-	-	-	-	-	-	2	4	1	2	-	-	-	-	-	-	-	-	-	3	6	6	
DENNETT	-	-	-	1	0.5	1	0.5	3	3	2	3	1	2	1	-	-	-	-	-	-	-	13	5	5	
DERG	-	-	-	-	-	-	-	-	6	5	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	6	5	5	
DRUMRAGH	-	-	-	1	0.5	1	1	-	1	1	1	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	4	3	3	
FAUGHAN	-	-	-	4	2	17	10	117	51	21	18	10	6	3	-	-	-	-	-	-	-	213	95	95	
FINN	-	-	-	-	-	5	5	1	15	18	2	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	23	24	24	
FOYLE	-	-	-	-	-	-	-	1	1	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	2	2	2	
GLENELLY	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	2	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	2	1	1	
MOURNE	-	-	-	2	1	3	1	4	2	1	-	-	1	3	-	-	-	-	-	-	-	12	8	8	
OWENKILLEW	-	-	-	-	-	-	-	-	1	0.5	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	1	1	1	
REELAN	-	-	-	-	-	2	1	-	1	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	3	1	1	
ROE	-	-	-	-	-	2	1	29	7	2	6	2	-	-	-	-	-	-	-	-	-	44	33	33	
STRULE	-	-	1	1	8	7	2	1	6	3	4	3	3	2	-	-	-	-	-	-	-	25	18	18	
WHITEWATER	-	-	3	1	2	1	1	-	4	5	13	14	10	16	-	-	-	-	-	-	-	33	38	38	
River not recorded	4	1	-	-	3	3	1	6	3	3	1	-	1	1	-	-	-	-	-	-	-	15	5	5	
TOTALS	4	1	5	3	23	11	35	21	163	64	111	69	52	35	24	27	-	-	-	-	-	413	229	229	

Loughs Agency Annual Report and Accounts 2005

Table 12 Angling Returns 2005

	2005
Number of Licences Issued	9629
Total Number of Returns Received	2482
Returns as a Percentage of all Licences Issued	0.26
Number of "Nil" Returns	436
Nil Returns as a Percentage of all Returns	0.18
Number of Salmon and Grilse Reported Caught	
Actual Reported Catch	4084
Adjusted for Unreported Catch	7612
Average Number of Salmon and Grilse Caught per Return	1.65
Number of Sea Trout Caught	
Actual Reported Catch	413
Adjusted for Unreported Catch	770
Average Number of Sea Trout Caught per Return	0.17

Table 13: Distribution of Rod Licences 2005

Place of Residence	Season Adult & Juvenile	Endorsement	14 Days	3 Days	Coarse Adult & Juvenile
Foyle & Carlingford Area	4026	1489	15	326	172
Rest of NI	435	2730	9	368	32
Rest of ROI	50	201	2	84	9
Total	485	2931	11	452	41
England	31	34	37	89	1
Scotland	6	4	7	25	~
Wales	1	~	~	~	~
I o M	2	~	~	2	~
Total	40	38	44	116	1
Spain	1	~	4	~	~
Austria	1	1	2	~	~
Belgium	~	1	2	~	~
Denmark	~	~	~	2	~
France	4	2	3	59	~
Germany	2	~	2	8	~
Italy	~	~	~	~	~
Netherlands	1	~	1	4	~
Poland	~	~	~	~	~
Switzerland	1	~	~	~	~
Sweden	~	~	~	~	~
Estonia	~	~	~	1	~
Norway	~	~	1	~	~
Total	10	4	15	74	0
Australia	~	~	~	~	~
Canada	1	~	~	~	~
Japan	~	~	~	~	~
Africa	~	~	~	~	~
America	~	2	5	1	~
New Zealand	~	1	~	~	~
Total	1	3	5	1	0
Overall Total	4562	4465	90	969	214

Loughs Agency Annual Report and Accounts **2005**

Table 14 Number of Draft Consents to Discharge Considered 2003 - 2005

Nature of Effluent	2003	2004	2005
Sewage Treatment	27	50	77
Sandwashing/Quarry	4	2	2
Landfill	1	3	2
Industrial	1	1	23
Fish Farm	0	1	0
Storm Water	11	13	11
Peat Abstraction	0	0	0
Dumping at Sea	1	0	0
Vehicle Wash	1	2	2
Filling Station/Oil Distribution	0	1	0
Food Processing	0	0	1
Totals	46	73	118

Table 15 Number of Consents to Discharge an Effluent Issued 2003 - 2005

Nature of Business	2003	2004	2005
Sewage Treatment	24	60	48
Sand washing/Quarry	2	2	1
Landfill	4	4	0
Industrial	4	3	8
Fish Farm	0	1	0
Storm Water	12	11	19
Vehicle Wash	1	2	1
Filling Station/Oil Distribution	1	2	1
Food Processing	0	0	1
Totals	48	85	79

**Table 16 Details of Sampling of Effluents Londonderry & Carlingford Areas
2003, 2004 & 2005**

Nature of Effluent	Number of Samples Taken			Number of Samples found to be satisfactory			Number of Samples Found to be unsatisfactory		
	2003	2004	2005	2003	2004	2005	2003	2004	2005
Farm Wastes	20	14	12	0	0	0	20	14	12
Sewage	4	3	5	0	0	0	4	3	5
Trade Wastes	2	3	3	0	0	0	2	3	3
Others	0	0	1	0	0	0	0	0	1
Totals	26	20	21	0	0	0	26	20	21

Table 17 Details of Sampling of Effluents Merville Area 2003-2005

Nature of Effluent	Number of Samples Taken			Number of Samples found to be satisfactory			Number of Samples Found to be unsatisfactory		
	2003	2004	2005	2003	2004	2005	2003	2004	2005
Farm Wastes	3	4	2	0	0	0	3	4	2
Sewage	2	3	2	0	0	0	2	3	2
Trade Wastes	0	1	0	0	0	0	0	1	0
Totals	5	8	4	0	0	0	5	8	4

Loughs Agency Annual Report and Accounts 2005

Table 18 Water Pollution Control Inspections & Pollution Incidents Londonderry 2003-2005

Nature of Effluent	Number of Inspections Made but no Pollution seen			Number of Pollution incidents			Number of warnings issued		
	2003	2004	2005	2003	2004	2005	2003	2004	2005
Agricultural Wastes	1107	1309	1297	73	56	52	59	42	39
Sewage	194	274	198	27	14	26	9	5	6
Industrial Trade Wastes	79	39	48	16	37	29	12	23	22
Oil Discharges	42	27	33	2	4	7	2	4	3
Others	27	21	15	4	3	3	4	3	3
Totals	1449	1670	1591	122	114	117	86	77	73

Table 19 Water Pollution Control Inspections Moville Area 2003-2005

Nature of Effluent	Number of Inspections Made but no Pollution seen			Number of Pollution incidents			Number of warnings issued		
	2003	2004	2005	2003	2004	2005	2003	2004	2005
Agricultural Wastes	341	407	324	12	14	19	11	10	16
Sewage Wastes	36	37	28	21	16	22	2	3	2
Industrial & Trade	32	29	41	2	3	6	0	3	5
Waste Discharges	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Totals	409	473	398	35	33	47	13	16	23

Table 20 Details of Prosecutions 2005

Nature of Offence	Charges Initiated By					
	Agency Staff		PSNI		Garda Síochána	
	Successful	Unsuccessful	Successful	Unsuccessful	Successful	Unsuccessful
1 Angling without a licence	9	-	-	-	-	-
2 Angling during close time	1	-	-	-	-	-
3 Angling in prohibited area	3	-	-	-	-	-
4 Unlawful angling	16	-	-	-	-	-
5 Possession of gaff or illegal instrument	-	-	-	-	-	-
6 Snatching offences	4	2	-	-	-	-
7 Trespass on a Several Fishery	-	-	-	-	-	-
8 Using a net in a prohibited area	3	-	-	-	-	-
9 Possession/use of unlawful net	9	1	-	-	-	-
10 Fishing a net during close or suspended period	3	-	-	-	-	-
11 Assaulting/impeding an authorised person	8	3	-	-	-	-
12 Unlawful possession of fish	9	-	4	-	-	-
13 Using a boat/vehicle as an aid to an offence	2	-	1	1	-	-
14 Exceeding breaking strain	-	-	-	-	-	-
15. Permitted deleterious matter to enter a river	1	-	-	-	-	-
16 Caused deleterious matter to enter a river	1	-	-	-	-	-
17 Salmon dealing offences	-	-	-	-	-	-
18 Erect/make use of a fixed engine	1	-	-	-	-	-
19 Failure to provide name / false details	5	-	-	-	-	-
Total Charges	75	6	5	1	-	-

Loughs Agency Annual Report and Accounts 2005

Table 21 2005 Seizures

Engines	Nets	Landing net	Rods & Reels	Boats	Dinghies	Gaffs	Fish
FCILC	107	3	9	15	1	0	112
PSNI	0	0	1	0	0	0	14
Garda	2	0	0	0	0	0	0
Angling Clubs	9	0	3	0	0	0	0
Totals	118	3	13	15	1	0	0

Table 22 Rod Licences 2005

Description	2005 No. of Licences	2005 Licence Duty
Season	2933	£45461.50
Adult Coarse	152	£2356
Juvenile	1619	£3238
Juvenile Coarse	59	£118
Endorsement	4796	£4796
Fourteen - Day	95	£712.50
3 Day	1125	£3937.50
Totals	10779	£60619.50

Table 23 Angling Permits 2005

Type of Permit	2005 No.	2005 £
River Foyle	45	£900
River Foyle Juvenile	3	£6
River Finn	163	£3260

Table 24 Net Licences 2005

Description of Licence	2005		
	No. of Licences Sold	£ Licence Fee	£ Licence Duty Paid
Draft (River Foyle)	57	£173	£9,861
Draft (Fixed)	-	-	-
Draft (River Roe)	-	-	-
Draft (Culdaff Estuary)	-	-	-
Drift (Lough Foyle)	7	£244	£1,708
Drift (Lough & Sea)	71	£266	£18,886
Drift (Sea)	15	£244	£3,660
Totals	150	£927	£34,115

Table 25 Salmon Dealers Licences 2005

Residence of Dealer	No. of Licences Issued 2005
Republic Of Ireland	7
Northern Ireland	17
Totals	24



Gníomhaireacht Na Lochanna Tuarascáil Bhliantuil 2005

Ag Cuimsiú na Tréimhse 31 Nollaig 2005

GNÍOMHAIREACTH NA LOCHANNA

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

don tréimhse dar chríoch 31 Nollaig 2005



CLÁR ÁBHAR

1.	Réamhrá an Chathaoirligh	46
2.	Forbhreathnú an Phríomhfheidhmeannaigh	47
3.	Ráiteas Bunchuspóra	49
4.	Cuspóirí	49
5.	Comhaltas an Bhoird	49
6.	Fóram Comhairleach Cheantar an Fheabhail agus Chairlinne	50
7.	Foireann	50
8.	Forbairt Foirne	50
9.	Teicneolaíocht Eolais	51
10.	Ionad Oideachais agus Léirmhíneithe "Riverwatch"	51
11.	Bainistiú agus Forbairt Iascaigh	52
12.	Caomhnú agus Cosaint	58
13.	Caighdeán Uisce	58
14.	Muirthurasóireacht	58

Gluais

Aguisín 1 Táirgeacht os coinne Spriocanna

Aguisín 2 Staitisticí Caomhnaithe, Cosanta agus Bainistithe Iascaigh

RÉAMHRA AN CHATHAOIRLIGH

Tá lúchair orm an Tuarascáil Bhliantúil do 2005, ina leagtar amach príomhéachtaí na heagraíochta agus dúshláin a bhí os ár gcoinne le linn na bliana, a chur i láthair.

Tapaím an deis seo le buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird, feidhmeannaigh ár Ranna Coimircíochta, An Roinn Cumarsáidí, Muirí agus Acmhainní Nádúrtha; An Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe; An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, na Ranna Airgeadais agus foireann Gníomhaireacht na Lochanna ar chuir a gcomhairle agus a dtacaíocht a oiread sin le forbairt ár seirbhísí.

Tá mé ag dréim le leanstan den obair i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara le cuspóirí na Gníomhaireachta a bhaint amach agus le hacmhainní inbhuanaithe iascaigh agus muirí Cheantair an Fheabhail agus Chairlinne a sholáthar le leas gach duine.

Peter Savage
Cathaoirleach

FORBHREATHNÚ AN PHRÍOMHFHEIDH MEANNAIGH

Rinneadh dul chun cinn suntasach in ullmhú na mBillí, a leasóidh reachtaíocht phríomhúil na Gníomhaireachta le forbairt agus rialúchán dobharshaothraithe i gCeantair an Fheabhail agus Chairlinne a éascú. Mar chuid den phróiseas seo, rinne an Ghníomhaireacht comhairliúchán poiblí ar a dréachtphlean forfheidhmithe do rialúchán dobharshaothraithe i Loch Feabhail. Chuimsigh ullmhúchán breise don fhreagracht seo forbairt eiseamláirí acmhainn iompair don dá Loch. Soláthróidh an tionscadal seo, ar a dtugtar an próiseas MIELE www.ecowin.org/smile, eiseamláirí do Loch Cuain, Loch Laoi agus Loch Latharna le cois Loch Feabhail agus Loch Cairlinne, agus táthar á ghabháil de láimh i gcomhpháirtíocht le RTFT, an Institiúid Taighde Mhuirí (An Phortaingéil), Saotharlann Mhuirí Plymouth agus CSIR (An Afraic Theas), agus cuirfidh sé uirlis thábhachtach ar fáil d'fhorbairt iascaigh inbhuanaithe oisrí agus diúilicíní sna Lochanna.

Sa réimse seo, fuair an Ghníomhaireacht maoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa trí Chlár INTERREG IIIA, a riarann an tSeirbhís Comhshaoil agus Oidhreachta ar son Roinn an Chomhshaoil, le 4 bhulla Monatóireachta a cheannacht agus a úsáid, a thomhasfaidh, in éineacht leis an dá bhulla atá in úsáid faoi láthair, na leibhéil chothaitheach agus paraméadair eile atá sna Lochanna leis na heiseamláirí a phobalú agus le bonn maith eolaíochta a sholáthar do bhainistíocht na Lochanna. Bhí an beart maoinithe seo fosta ina chuidiú ag an Ghníomhaireacht a hártach patróil ar Loch Chairlinne a uasghrádú go BCI 13m agus áiritheoir nua éisc a sholáthar ar an tSruithail ag an Ómaigh. Tógadh an áis seo i gcomhpháirtíocht le Comhairle Ceantair na hÓmaí agus Gníomhaireacht na n-Aibhneacha.

Tá forbairt chóras bainistíochta na Gníomhaireachta do stoic bhradán agus bhreac na ndobharcheantar ag leanstan ar aghaidh agus coimínisiúnaíodh tuilleadh oibre ar an chlár géineolaíochta agus tionscnaíodh forbairt eiseamláirí líonmhaireachta réamhiascaigh do stoic bhradán i gCeantar an Fheabhail i gcomhpháirtíocht le RTFT, an Institiúid Mhuirí, Ollscoil Ghlaschú agus Institute National de la Recherche Agronomique France. Leanann na stoic bhradán i gCeantar an Fheabhail de bheith níos mó ná na teoirainneacha caomhantais, agus an líon is airde a taifeadadh (8,500), ó suiteáladh an t-áiritheoir éisc ar an Fhinn sa bhliain 2000, 2,000 thar an mheán.

Tá an obair ag dul ar aghaidh leis na stoic i gCeantar Chairlinne a atógáil agus fuarthas tacaíocht ó Chiste Comhtháthaithe EEA do sholáthar áiritheora ar an Clanrye ag lúr Cinn Trá agus d'athchóiríú 7 n-aonad gnáthóige insrutháin ar réimsí uachtaracha na habhna. Maoiníofar a leithéid eile d'obair ón fhoinsé seo ar an Daoil i gCo. Dhún na nGall. Gabhadh oibreacha eile athchóirithe de láimh ar fud na ndobharcheantar mar chuid de chlár caomhantais agus cosanta na Gníomhaireachta.

Tugadh forbairt turasóireachta muirí chun cinn le hullmhúchán dréachtstraitéise agus plean gníomhaíochta d'fhorbairt turasóireachta muirí i gceantair Loch Feabhail agus Loch Cairlinne agus chuir an Ghníomhaireacht maoiniú ar fáil mar thacaíocht leis na hullmhúcháin d'Fhéile Mhuirí Cheilteach na hEorpa a bheas ann i Mí na Bealtaine agus Mí Mheithimh 2006 ar chósta thuaidh an oileáin agus i Loch Feabhail. Réamh-mheastar go bhfeabhsófar an réimse seo oibre go mór le linn fhorfheidhmiú an athbhreithnithe a tugadh chun críche le déanaí ar an struchtúr sholáthar foirne a cheadóidh imlonnú foirne a bhfuil taithí acu sa réimse thábhachtach seo.

D'fhorbair clár oideachais na Gníomhaireachta leis thart fán ionad léirmhínteach "Riverwatch" ar taifeadadh amuigh is istigh ar 10,000 cuairteoir chuige i rith na bliana. Ghlac an iomad acu páirt sna cláir fhor-rochtana mar Glac Sruthán i gCúram, Gollann sa tSeomra Ranga, Comharthaí Ríthábhachtacha (www.vitalsignsireland.org). Críochnaíodh treoirchlár rathúil i gcomhpháirtíocht leis an Ghníomhaireacht Ceartais don Óige le ceathrar fear óg inar laghdaíodh an baol go ndéanfadh siad athchion ó bhaol ard go baol íseal.

I measc imeachtaí eile a eagraíodh i 2005 bhí aonach slatiascaireachta ag CC na Gníomhaireachta i Mí Mharta ar ar fhreastail níos mó ná 4,000 duine, agus i Mí Lúnasa eagraíodh "féile fhlaidireacht agus bhaoite sáile" amháin na hEorpa i gCairlinn. Eagraíodh an Acadamh Slatiascaireachta do dhaoine óga sa dá cheantar agus ghlac níos mó ná 100 duine páirt ann. Mharaigh go leor acu sin a gcéad iasc.

Ba mhaith liom buíochas a thabhairt don Bhord ar son a dtacaíochta agus d'fhoireann na Gníomhaireachta, nó níorbh fhéidir cuid ar bith de seo a chur i gcrích gan an saineolas, gairmiúlacht agus tiomantas a léirigh siad ina n-iarrachtaí.

RJ Derick Anderson
Príomhfheidhmeannach

Loughs Agency Annual Report and Accounts 2005

RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

Is aidhm do Ghníomhaireacht na Lochanna tairbhí inbhuanaithe, sóisialta, geilleagracha agus comhshaoil a sholáthar trí chaomhnú, bhainistiú, chothú agus fhorbairt éifeachtach acmhainní iascaigh agus muirí Cheantair an Fheabhail agus Chairlinne.

CUSPÓIRÍ

Is iad príomhchuspóirí na Gníomhaireachta i gCeantair an Fheabhail agus Chairlinne:-

- Iascaigh bhradáin agus intíre Cheantair an Fheabhail agus Chairlinne a chaomhnú agus a chosaint;
- Iascaigh bhradáin agus intíre Cheantair an Fheabhail agus Chairlinne a bhainistiú agus a fhorbairt;
- Forbairt Loch Feabhail agus Loch Cairlinne a chothú mar gheall ar thráchtáil agus áineas;
- Dobharshaothrú a cheadúnú agus a fhorbairt;
- Muirthurasóireacht a fhorbairt;
- Éifeachtacht mhéadaithe agus feabhsú leanúnach a éileamh i soláthar seirbhísí do gach custaiméir;
- Usáid éifeachtúil, éifeachtach, gheilleagrach acmhainní atá ar fáil don Ghníomhaireacht a chinntiú.

Féach aguisín 1 do tháirgeacht os coinne spriocanna.

COMHALTAS AN BHOIRD 2005

An tUas Peter Savage	- Cathaoirleach
An Tiarna Cooke of Islandreagh	- Leasathaoirleach
An tUas Jack Allen	
An tUas Dick Blakiston-Houston	
An tUas Francis Feely	
An Dr Patrick Griffin	
Ms Siobhan Logue	
An tUas Joseph Martin	
Jacqui Iníon McConville	
An tUas Tarlach O’Crosain	
An tUas Andrew Ward	

Tháinig an Bord i gceann a chéile ar sheacht n-ócáid le linn 2005, mar a leanas:

- | | |
|-----------------------------|--|
| • 23ú Feabhra 2005 | Ceanncheathrú na Gníomhaireachta, Préachán |
| • 20ú Aibreán 2005 | Ceanncheathrú na Gníomhaireachta, Préachán |
| • 24ú Meitheamh 2005 | Ionad Oidhreachta na Tríonóide Naofa, Cairlinn |
| • 8ú Meán Fómhair 2005 | Óstán na Cathrach, Ard Macha |
| • 13ú Deireadh Fómhair 2005 | Óstán na Beithe Gile, An Ómaigh |
| • 16ú Samhain 2005 | Óstán na gCeithre Séasúir, Cairlinn |
| • 9ú Nollaig 2005 | Ceanncheathrú na Gníomhaireachta, Préachán |

Tá miontuairiscí na gcruinnithe thuas ar fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta ag www.loughs-agency.org

Fóram Comhairleach Cheantar an Fheabhail agus Chairlinne

Ag a chéad chruinniú, d'iarr an earnáil CATT - CFCSE ar an Bhord moltaí a thabhairt chun tosaigh le meicníochtaí comhairliúcháin a bhunú le grúpaí leasmhara ábhartha i gCeantair an Fheabhail agus Chairlinne. Ina dhiaidh sin thoiligh an CATT le bunú Fhóram Comhairleach Cheantar an Fheabhail agus Chairlinne trí phróiseas comhairliúcháin a bhí neamhspléach ón Ghníomhaireacht le comhairle a thabhairt don Ghníomhaireacht maidir lena príomhchuspóirí straitéiseacha:-

- Caomhnú agus Cosaint
- Forbairt Dobharshaothraithe
- Forbairt iascaigh Intíre
- Forbairt Muirthurasóireachta
- Seirbhís do Chustaiméirí

Fuarthas cead ó na hAirí síneadh a chur le tréimhse an chomhaltais reatha go deireadh Mhí na Nollag 2005.

Le linn tréimhse na tuarascála seo tionóladh na cruinnithe seo a leanas den Fhóram:

24ú Feabhra 2005, Óstan na Beithe Gile, an Ómaigh. I measc na n-ábhar a pléadh, bhí Staidéar ar Thurasóireacht Mhuirí, Tuarascálacha ar Stádas Aibhneacha agus Eiseamláir Acmhainn Iompair MIELE.

6ú Meán Fómhair 2005, Óstan na Beithe Gile, an Ómaigh. I measc na n-ábhar a pléadh, bhí Sladanna ar Éisc ar an Ró agus Abhainn Clanrye, Rialú Rialachán d'Eangacha Tarraingthe agus Shrutheangacha, Tuarascáil ar Ghéineolaíocht agus Bonamia i Loch Feabhail

Soláthar Foirne

Lean an Comhlacht d'earcú a chion iomláin d'fhoireann bhuan agus tá athbhreithniú á dhéanamh san am i láthair ar struchtúr eagraíochtúil agus ghrádú roinnt post. Rinne Seirbhís Forbartha Gnó na Roinne Airgeadais athbhreithniú breise go luath sa bhliain 2005 agus tá na moltaí á mbreithniú ag na Ranna coimircíochta agus na Ranna Airgeadais agus meastar go mbeidh an grádú nua agus an struchtúr nua ann le linn 2006.

Oiliúint Foirne

Tugadh ardtosaíocht d'oiliúint agus fhorbairt taobh istigh den ghníomhaireacht agus i measc na gcúrsaí a cuireadh ar fáil bhí Feasacht Mhíchumais, Forbairt Bainistíochta, SAGE agus tugadh tacaíocht do chuid den fhoireann le cúrsaí breisoideachais mar chuid dá bhforbairt leanúnach. Ceapadh Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta amach i ndeireadh 2005 fosta agus thosaigh sé ar shraith cúrsaí oiliúna creidiúnaithe.

Loughs Agency Annual Report and Accounts 2005

Teicneolaíocht an Eolais

Críochnaíodh Céim a haon de láithreán gréasáin na Gníomhaireachta www.loughs-agency.org agus cuireadh ar an idirlíon beo é ag deireadh 2005 agus b'úsáideach amach an uirlis í i dtaca le heolas a scaipeadh ar thurasóirí agus ar shlatiascairí áitiúla de. Lena chois sin, le go mbeidh teacht níos éasca ar eolas ag an phobal, tá sé beartaithe go n-athrófar ó thuairisciú go bliantúil, mar a dhéantar faoi láthair, agus ina áit sin go gcuirfear aguisín táblaí sonraí ar fáil leis an láithreán a fhorbairt a thuilleadh i 2006 le céim a dó agus go bhfoilseofar "tuarascálacha stádais" agus sonraí eolaíochta a sholáthróidh eolas níos bríche agus níos úrnua ar na príomhaibhneacha agus na príomhlochanna.

Ionad Oideachais agus Léirmhínteach "Riverwatch"

Chuir Ionad Léirmhínteach "Riverwatch" fáilte roimh 9,030 cuairteoir i 2005. Bhí méadú suntasach le líon na gcuariteoirí ó eagraíochtaí pobail agus ón phobal i gcoitinne. Tairgeadh scéimeanna spreagúla oideachasúla gníomhacha for-rochtana agus mhéadaigh agus shaibhrigh seo an caidreamh le scoileanna agus le heagraíochtaí pobail. Choinnigh muid naisc le nithe agus le heagraíochtaí eile áitiúla ar díol spéise do thurasóirí iad, mar Oifig Cuairteoirí agus Comhdhála Dhoire, Iarsmalann an Chuain, Aistir Mhara Toucan One srl, agus ghlac muid páirt in imeachtaí eile muirí mar Fhéile Mhuirí an Fheabhail agus Rigeaite an Fheabhail. I gCairlinn, d'eagraigh muid seimineár agus ceardlann ar Fheasacht Slatiascaireachta do sholáthraithe cóiríochta a chuirfeadh ar a gcumas riar níos fearr do riachtanais slatiascairí ar cuairt. Chomhoibrigh Riverwatch fosta leis an Gníomhaireacht Ceartais don Óige le deis a thabhairt do chiontóirí óga a n-orduithe cúitimh a chríochnú trí theacht ar ár n-áiseanna agus ár seirbhísí.

Cuimsíonn ár bpunann for-rochtana "Bradáin sa tSeomra Ranga", "Scaoileadh Gilidíní", "Glac Sruthán i gCúram," "Comharthaí Ríthábhachtacha", "Líníocht Mhór", "Féile Eolaíochta" agus clár seachtaine slatiascaireachta don óige i Seachtain Náisiúnta lascaireachta sa tSamhradh. Cuireann an tionscadail fhor-rochtana leis na príomhtheachtaireachtaí san ionad cuairteoirí agus le hobair na Gníomhaireachta.

Idir an t-ionad cuairteoirí agus an phunann fhor-rochtana, tá deis ag páirtithe leasmhara foghlaim faoina n-acmhainní muirí agus abhann agus gníomhú go dearfach ina bpobail leis na huiscebhealaí áitiúla a fheabhsú agus a chosaint agus na deiseanna sóisialta, geilleagracha agus comshaoil a chuireann siad ar fáil a fheabhsú.

Bainistíocht agus Forbairt Iascaigh

Bainistíocht agus Forbairt Bradán

Cúlra

In Oirthuaisceart an Atlantaigh is sainiúil an córas bainistíochta atá i bhfeidhm do bhradáin i nDobharcheantar an Fheabhail. Cuireadh ar bun ag Coimisiún Iascaigh an Fheabhail é i ndiaidh Thuarascáil PF Elson agus ALW Tuomi, "Iascaigh an Fheabhail, Bonn Nua do Bhainistíocht Réasúnach" a foilsíodh i 1975. Athscagadh an straitéis san idirlinn agus úsáid á baint as an teicneolaíocht is úrnua agus as an eolas eolaíochta is déanaí agus athbhreithniú iomlán ar spriocanna céimsriain ag Comhairleoirí Eolaíochta na Gníomhaireachta san áireamh. Le tuilleadh sonraí ar na straitéisí seo agus eolas a mbaineann an Ghníomhaireacht úsáid as i mbainistíocht iascaigh a fháil, déan tagairt, le do thoil, do Thuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Seo a leanas tuairisc achomair chun dáta ar eolas a bailíodh i 2005.

Audit Points

Pointí Cuntais

Baisceanna Tráchtála

Bhí méadú beag ar bhaisceanna iascaigh tráchtála i 2005 i gcomórtas le 2004. Bhí baisceanna eangacha tarraingthe maith arís ach bhí íslíú ar bhaisceanna srutheangacha i gcomórtas le blianta roimhe seo. Níor cuireadh síneadh leis an tséasúr, nó ní dheacaigh go leor bradán thar an áis chomhairimh ag Muileann an tSiáin faoi na príomhdhátaí. Sáraíodh Teorainneacha Caomhantais agus Spriocanna Bainistíochta dheireadh an tséasúir araon, áfach. Tá mionsonraí na mbaisceanna i dtáblaí 4, 5 agus 6 in Aguisín 2.

Áiritheoirí Éisc

Briseadh isteach i mbeirt de láithreáin na n-áiritheoirí i 2005, Muileann an tSiáin agus Abhainn coille/Gleann Aichle agus loiteadh an trealamh comhairimh. Dá bharr seo, tá na sonraí don bhliain neamhiomlán agus lena linn sin is gannmheastacháin na figiúirí ón dá láithreán. Ach d'ainneoin na bhfadhbanna seo sháraigh an Mhorn agus a craobh-aibhneacha na Teorainneacha Caomhantais agus na Spriocanna Bainistíochta a leagadh síos do dheireadh an tséasúir. Bhí méadú ar na comhairimh a taifeadadh don Ró i gcomórtas le 2004 agus ba ag an Fhinn, ar theip uirthi a Teorainneacha Caomhantais agus a Spriocanna Bainistíochta a bhaint amach i 2004, a bhí an líon a ba mhó éisc a taifeadadh ó tháinig an láithreán comhairimh i bhfeidhm. Bhí bliain mhaith ag an Fochaine agus sháraigh sí comhaireamh 2004. Fuair an Ghníomhaireacht maoiniú Interreg III agus i gcomhpháirtíocht le Comhairle Ceantair na hÓmaí thóg siad cora nua ar an tSruithail ar an Ómaigh. Lena chois sin, fuair an Ghníomhaireacht tacaíocht ó Chiste Comhtháthaithe EEA do sholáthar áiritheora ar an Chlanrye ag lúr Cinn Trá. Tá sé beartaithe go mbeidh seo ar obair in earrach na bliana 2006. Is féidir teacht ar thorthaí ó na háiseanna nua seo i dtáblaí 2 & 3 in Aguisín 2.

Slatiascaireacht

B'airde ceatadán na slatiascairí, 26%, a thug torthaí a leabhar tuairisce i 2005, ná mar a bhí sé i mblianta roimhe seo agus is ábhar spreagtha é go bhfuil an figiúr seo ag

Loughs Agency Annual Report and Accounts 2005

méadú go bliantúil ó thuairisc 2002, 15%, agus thuairisc 2004, 21%. Coigeartaíodh an bhaisc a tuairiscíodh le torthaí nár tuairiscíodh a chur san áireamh agus taispeántar na figiúirí seo i dTáblaí 10, 11 agus 12 in Aguisín 2. Bhí líon coigeartaithe na mbradán a maraíodh ní b'airde ná 2004 agus 2003 ach rud beag ní b'ísle ná séasúr 2002.

Comhairimh Log Sceite

Is ríthábhachtach dálaí aimsire agus loig sceite á gcomhaireamh. Is deacair loig sceite a aithint i ndálaí tuile nuair a choisceann méadú soladach ar fuaidreamh feicseanacht. Bíonn deacrachtaí breise ann, nó is féidir le sruthanna arda uisce na cairn ghairbhéil, a chruthaítear nuair atá loig sceite á ndéanamh, a leacú; nuair a bhíonn dálaí níos soiléire uisce arís ann, mar sin de, ní léir go raibh an log sceite riamh ann. I 2005, áfach, bhí dálaí ar fheabhas ann do chomhaireamh log sceite agus creidtear go bhfuarthas comhaireamh measartha beacht. Bhí an comhaireamh ar na comhairimh a b'airde a taifeadadh le roinnt blianta agus dearbhaíonn seo gur mhair líon mór iasc le sceitheadh. Is féidir sonraí a fheiceáil i dTábla 1.

Leictri-iascaireacht

I 2005 leictri-iascadh 528 láithreán san iomlán go leathchainníochtúil taobh istigh de cheantair an Fheabhail agus Chairlinne. Rinneadh suirbhé ar 428 láithreán i gcóras an Fheabhail agus 100 láithreán i gcóras Chairlinne.

Ar an mheán bhí 20 ghilidín bradáin agus 6 ghilidín bric ag gach láithreán i gcóras an Fheabhail.

Ar an mheán bhí 2 ghilidín bradáin agus 3 ghilidín bric ag gach láithreán i gcóras Chairlinne.

Déanfar athbhreithniú ar láithreáin leictri-iascaireachta roimh shéasúr 2006 lena chinntiú go leantar de dhéanamh suirbhé ar láithreáin ionadaíocha agus go dtoghtar láithreáin leictri-iascaireachta go bliantúil atá go hiomlán cainníochtúil le monatóireacht a dhéanamh ar iarmhairtí oibreacha féideartha feabhsaithe gnáthóg.

Clibeáil Sreinge Códaithe (CSC)

Leanadh den chlár Chlibeáil Sreinge Códaithe i 2005 ar an Fhinn agus ar an Fhochaine. Tabhartar faoi CSC ar roinnt fáthanna, agus bailiú sonraí bitheolaíochta ar sheach-chonair na ngéiteog, aibhsiú na n-áiteanna a saothraítear bradáin lánfhásta ag pilleadh ar an Fhinn agus ar an Fhochaine agus soláthar íosmheastacháin ar rátaí marthanais mhuirí san áireamh. Cuirfear eolas ar ghéiteoga a clibeáladh i 2004 agus a gabhadh agus iad ina n-éisc lánfhásta ag pilleadh i séasúr 2005 i láthair i dTuarascáil 2006 agus ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta nuair a bheas an t-eolas ar fáil. Sainscagann an Institiúid Mhuirí na sonraí athghabhála ón chlár clibeála. Bíonn idirlinn 2 bhliain ann ó chlibeáltar éisc i mbliain ar bith go raibh na sonraí athghabhála ar fáil.

Ó 2005 bhain Gníomhaireacht na Lochanna úsáid as innill Chlibeáil Sreinge Códaithe a ceannaíodh le hairgead a fuarthas faoi chlár INTERREG IIIA. Baintear an eite shaille de gach iasc a mhicri-chlibeáltar (eite bheag idir eite an droma agus an ruball). Má mharaíonn iascaire ar bith bradán nó maighreán gan an eite seo, íoctar deontas, ach cloigeann an éisc a chur chuig Ceanncheathrú Ghníomhaireacht na Lochanna, Préachán, an áit agus an dáta ar maraíodh an t-iasc, an fad, an meáchan agus eiseamláir lainne.

Tábla 1. Líon na ngéiteog a clibeáladh ar an Fhinn 2002-2005

Bliain	Líon na nGéiteog Smolts a Clibeáladh	Meánaois	Meánfhad (cm)	Meánmheáchan(g)
2002	690	2+	12.5	19.8
2003	2252	2+	12.7	20.2
2004	773	2+	12.2	18.0
2005	390	2+	12.9	20.5

Tábla 2. Sonraí athghabhála ó chlár CSC na Finne. Nótáil an mhoill i soláthar sonraí mar gheall ar an am a chaitear san fharraige agus an t-am atá riachtanach le sonraí a sainscagadh.

Bliain a Clibeáladh	Bliain a Athghabhadh a Clibeáladh	Líon na n-a Athghabhadh	Láithreán Athghabhála
2002	2003	10	Dún na nGall, ceantar an Fheabhail, An Cósta Thuaidh, Maigh Eo, Gaillimh
	2004	1	Abhainn na Finne
2003	2004	25	Dún na nGall, ceantar an Fheabhail, Maigh Eo, Ciarraí, Abhainn na Finne
2004	2005	8	An Caisleán Glas agus Abhainn na Finne

Tábla 3. Líon na ngéiteog a clibeáladh ar an Fhochaine 2003-2005

Bliain	Líon na nGéiteog a Clibeáladh	Meánaois	Meánfhad (cm)	Meánmheáchan(g)
2003	1582	2+	14.9	33.5
2004	1875	2+	13.4	24.6
2005	1658	2+	13.3	23.6

Tábla 4. Sonraí athghabhála ó chlár CSC na Fochaine. Nótáil an mhoill i soláthar sonraí mar gheall ar an am a chaitear san fharraige agus an t-am atá riachtanach le sonraí a sainscagadh.

Bliain a Clibeáladh	Bliain a Athghabhadh	Líon na n-lasc a Athghabhadh	Láithreán Athghabhála
2003	2004	12	An Caisleán Glas, Ailt an Chorráin, Ceann Mhalainne, Béal an Mhuilid agus Ceann Toir
2004	2005	16	An Caisleán Glas, Ceann Mhalainne, Bá Dhún na nGall agus Bá na Gaillimhe

Oibreacha Insrutháin

I 2005 d'éirigh leis an Gníomhaireacht cistí comhtháthaithe EEA a fháil i gcomhar le RCEF agus le Bord Caomhantais Iascaigh Thuaisceart Éireann. D'éascaigh seo oibreacha feabhsaithe gnáthóige a raibh sé mar chuspóir acu stoic a athsholáthar i gCeantar Chairlinne agus leanstan den athchóiriú fairsing insrutháin ar réimsí uachtaracha an Clanrye chomh maith le soláthar áiritheora éisc sna réimsí íochtaracha. Toghadh seacht ranna agus críochnaíodh bunús na hoibre faoi 31ú Nollaig 2005. Tá roinnt plandála, fáilaithe agus sraodbhalla crann breise le críochnú i 2006. Tá dearadh do láithreán an áiritheora éisc tugtha chun críche ag na hinnealtóirí comhairleacha agus tugadh comhairliúcháin le Gníomhaireacht na n-Aibhneacha ar aghaidh agus fuarthas cead. Tá sé beartaithe bealach isteach a thabhairt chun críche agus tús a chur leis an obair in earrach na bliana 2006. Maoineofar a leithéid d'obair ar an Daoil i gCo Dhún na nGall ón fhoinsé seo. Gabhadh oibreacha eile athchóirithe de lámh ar fud na ndobharcheantar mar chuid de chlár caomhantais agus cosanta na Gníomhaireachta.

Caomhantas

Tá forbairt chóras bainistíochta na Gníomhaireachta do stoic bhradán agus bhreac na ndobharcheantar ag leanstan ar aghaidh agus coimisiúnaíodh tuilleadh oibre ar an chlár géineolaíochta agus tionscnaíodh forbairt eiseamláir Líonmhaireachta Réamhiascaigh (LRI) do stoic bhradán i gCeantar an Fheabhail i gcomhpháirtíocht le RTFT, an Institiúid Mhuirí, Ollscoil Ghlaschú agus Institute National de la Recherche Agronomique France i nDeireadh Fómhair 2005.

Bainistíocht agus Forbairt Gharbhascaigh

Cúlra

Tá tábhacht ar leith le garbhascaireacht i gceantar Chairlinne. Lean an Gníomhaireacht d'oibriú le Comhairle Ceantair an Lúir agus Mhúirn agus le páirtithe leasmhara san earnáil turasóireachta leis an chanáil a fhorbairt agus a chothú. Tá acmhainn shuntasach forbartha i gCeantar an Fheabhail chomh maith agus in áiteanna eile i gCeantar Chairlinne. Tá na hiascaigh ar Lochanna Chúirt an Bharúin an-tábhachtach cheana féin, mar atá Abhainn na Sruthaile ag a cumar le hAbhainn Fairywater.

Bainistíocht agus Forbairt Sliogéisc

Cúlra

As well as the above water quality records the Agency continued the programmes of Leanadh den chlár seachtainiúil monatóireachta cladaigh i Loch Feabhail i rith 2005. Rinneadh monatóireacht ó bháid ó am go céile i Loch Cairlinne agus i Loch Feabhail araon le comórtas a dhéanamh leis na samplaí ón chladach. Bainfear úsáid as na sonraí bonnlíne atá á dtaifeadadh le linn na n-ócáidí samplála seo le luaineacht in athruithe áitiúla comhshaoil a mheasúnú; is féidir ansin na luachanna seo a chrostagairt do thréimhsí síolraithe agus rátaí fáis sliogéisc sna Lochanna.

Chomh maith leis na taifid chaighdeáin uisce thuas lean an Gníomhaireacht de shampláil uisce agus sliogéisc sa Loch do chlár shamplála reachtúla a fheidhmíonn RTFTTE agus an Institiúid Mhuirí. Chuimsigh seo samplaí uisce a ghlacadh le flúirse an fhíteaplanctóin a mheas agus bláis nimhiúla algacha a aithint. Glactar na samplaí uisce do na cláir seo ó láithreáin i Loch Feabhail agus i Loch Cairlinne gach seachtain agus





cuirtear ar aghaidh chuig na húdaráis ábhartha iad le haghaidh scrúdaithe. Glacadh samplaí de dhiúilicíní ó na Lochanna fosta ar bhonn míosúil agus cuireadh ar aghaidh chuig na ranna ábhartha iad le haicmiú ó thaobh comhchruinnithe nimhiúla algacha.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in ullmhú na mBillí, a leasóidh reachtaíocht phríomhúil na Gníomhaireachta le forbairt agus rialúchán do bharshaothraithe i gCeantair an Fheabhail agus Chairlinne a éascú. Mar chuid den phróiseas seo, rinne an Gníomhaireacht comhairliúchán poiblí ar a dréachtphlean forfheidhmithe do rialúchán do bharshaothraithe i Loch Feabhail. Chuimsigh ullmhúchán breise don fhreagracht seo forbairt eiseamláirí acmhainn iompair don dá Loch. Soláthróidh an tionscadal seo, ar a dtugtar an próiseas MIELE, eiseamláirí do Loch Cuain, Loch Laoi agus Loch Latharna le cois Loch Feabhail agus Loch Cairlinne, agus táthar á ghabháil de lámh i gcomhpháirtíocht le RTFT, an Institiúid Taighde Mhuirí (An Phortaingéil), Saotharlann Mhuirí Plymouth agus CSIR (An Afraic Theas), agus cuirfidh sé uirlis thábhachtach ar fáil d'fhorbairt iascaigh inbhuanaithe oisrí agus diúilicíní sna Lochanna.

Fuair an Gníomhaireacht maoiniú fosta ó INTERREG IIIA le ceithre chóras breise monatóireachta comhshaoil a cheannacht agus a úsáid, a thomhasfaidh, in éineacht leis an bheirt atá in úsáid faoi láthair, na leibhéil chothaitheach agus paraméadair eile atá sna Lochanna leis na heiseamláirí a phobalú agus le bonn maith eolaíochta a sholáthar do bhainistíocht na Lochanna. Bhí an beart maoinithe seo fosta ina chuidiú ag an Gníomhaireacht a hárthach patróil ar Loch Chairlinne a uasghrádú go Bád Crua Inseidte (BCI) 13 méadair, a mbainfear úsáid as le tacú leis na cláir seo.

I 2005 leanadh den chlár monatóireachta clóraifille agus cothaitheach a tosaíodh i 2004. Bhain an clár seo le samplaí uisce ó 12 laithreán i Loch Feabhail agus san Fheabhail a shampláil ar bhonn míosúil. Ceadáíonn na samplaí clóraifille agus cothaitheach meastacháin tháirgiúlachta a dhéanamh agus ceadóidh siad na taifid ó na córais mhonatóireachta comhshaoil a chros-seiceáil mar bheart chalabrúcháin nó mar bheart rialaithe cáilíochta. Tá an clár á reachtáil i gcomhar le Rannán Taighde ar Eolaíocht Uisceach RTFT agus Ollscoil na Banríona Béal Feirste a dhéanfaidh na samplaí a phróiseáil agus na torthaí a shocrú.

Loughs Agency Annual Report and Accounts 2005



Caomhantas Agus Cosaint Iascaigh

Is príomhfheidhm de chuid fhoireann Ghníomhaireacht na Lochanna na hAchtanna agus na Rialacháin Iascaigh a chur i bhfeidhm. Cuirtear sonraí ar ghabhálacha Ghníomhaireacht na Lochanna i láthair i dTáblaí 20 & 21.

I ndiaidh mhórshlad éisc ar an tSruthail i 2004 inar maraíodh corradh le 700 bradán lánfhásta, thug an Ghníomhaireacht riail éigeandála isteach le deireadh an tséasúir ar an tSruthail agus ar a craobhaibhneacha a thabhairt chun tosaigh go dtí 13 Meán Fómhair. Bhí an comhaireamh log sceite do na craobhaibhneacha níos faide suas an sruth ón tsfad an-sásúil sa tséasúr sceathraí ina dhiaidh sin, rud a léirigh rath an bhirt seo. Cúlghaireadh an riail éigeandála, mar sin de, faoi Rialacháin Cheantar an Fheabhail agus Cheantar Chairlinne (Leasú um shéasúr druidte slatiascaireachta) 2005 agus cuireadh tús an tséasúir dhruide siar ar ais go 21ú Deireadh Fómhair, agus mar a léiríodh roimhe, dheimhnigh leictre-iascaireacht an rath seo. Ba é Rialachán Ceadúnaithe Innill Iascaireachta an Fheabhail agus Chairlinne (Leasú) 2005, a leag síos na táillí ceadúnais do shéasúr 2006, rialachán amháin eile a rinneadh i 2005.

Ba mhaith le Ghníomhaireacht na Lochanna an cuidiú mór a thug RTFT, an Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann i bhforghníomhú na n-Achtanna Iascaigh i gceantar Ghníomhaireacht na Lochanna a admháil. Tá buíochas ar leith tuillte fosta ag na feighlithe príobháideacha abhann, a thugann cosaint bhreise d'iascaigh le leas gach duine go minic i dtosca deacra agus ar bhonn deonach. Tá Bord an CFCSE, Ghníomhaireacht na Lochanna agus a foireann an-bhuíoch as an chuidiú seo.

Caighdeán Uisce

Is comhairlí reachtúil an Ghníomhaireacht i gcónaí i dtaca le forbairtí de, a bhfuil an acmhainn acu tionchar a bheith acu ar chomhshaol na n-aibhneacha, ó thaobh chaighdeán an uisce nó ó thaobh gnáthóga fisiciúla. Cuimsíonn seo díospóireachtaí leis an tSeirbhís Foraoiseachta agus le comhlachtaí éagsúla foraoiseachta faoi thionchar féideartha scéimeanna plandála atá beartaithe, leis an tSeirbhís Bóithre faoi bhealaí nua trasnaithe aibhneacha agus scéimeanna bóthair, leis an tSeirbhís Uisce faoi scéimeanna séarachais agus astarraingt uisce, leis an tSeirbhís Pleanála faoi fhorbraíochtaí nua, leis an tSeirbhís Comhshaoil agus Oidhreachta faoi chomhthoileanna doirte, a gcaighdeán agus a dtionchar féideartha, agus le Ghníomhaireachta na n-Aibhneacha faoi cheisteanna bainistithe draenála agus sruthchúrsaí, agus oibreacha aithchóirithe gnathóg san áireamh.

Creideann an Ghníomhaireacht gur céillí a straitéis, a dhíríonn ar dhobharcheantair, ar cosúil dóibh go bhfuil siad faoi strus, dá Clár um Thruailliú a Chosc go hOnnghníomhach agus go bhfuil sí le leas na ndobharcheantar seo. Faightear an buneolas don straitéis seo go príomha ó na suirbhéanna cáilíochtúla leictre-iascaireachta a dhéantar gach bliain, agus go pointe níos lú, ón chlár leis an eolas is déanaí a fháil ar ghnáthóga agus ó na suirbhéanna ar chomhaireamh log sceite.

Cheannaigh an Ghníomhaireacht trealamh aeraithe agus bhain siad úsáid as le linn míonna an tsamhraidh ar an tSruthail i gceantar an Cheapaigh, áit a raibh básanna éisc i gcúig bliana de na sé bliana seo caite. Ba suimiúil nár nótladh aon bhásanna éisc le linn na tréimhse seo. D'infheistigh an Ghníomhaireacht fosta i dtrealamh

Loughs Agency Annual Report and Accounts 2005

inaistrithe aeraithe; cuirfidh seo ar a cumas an trealamh seo a shuiteáil in aicearracht i gceantair ina bhfuil leibhéil ghéarchéimneacha ocsaigine agus tathar ag súil nach bhfaighidh iasc ar bith bás de dhíobháil ocsaigine.

Turasóireacht Mhuirí

Faoi Chomhaontú na Breataine/na hÉireann tugadh sainchúram forbartha turasóireachta muirí don Ghníomhaireacht. Ar dtús críochnaíodh “Iniúchadh ar Acmhainn Fóillíochta agus Áineasa Iascachbhunaithe cheantair an Fheabhail agus Chairlinne araon” a bhí mar bonn le comhairliúchán le grúpaí leasmhara agus le hullmhú plean forbartha 5 bliana do Cheantair an Fheabhail agus Chairlinne. Ag tógáil air seo, críochnaíodh comhstaidéar eile ar Fhóillíocht Mhuirí sa dá Cheantar i gcomhar le Grúpaí Réigiúnacha Trasteorann an Iarthuaiscirt agus an Oirthir i 2005 agus déanfar comhairliúchán forleathan air seo i 2006. Tabharfaidh seo deis don Ghníomhaireacht dul chun tosaigh sa réimse nua freagrachta seo agus tá sé beartaithe go n-earcófar Stiúrthóir Forbartha agus Oifigeach Turasóireachta Muirí le tograí na Gníomhaireachta a sheoladh i gceantair an Fheabhail agus Chairlinne araon.

Ba iad seo a leanas cuid de na tionscnaimh thurasóireachta muirí a mhaoinigh an Ghníomhaireacht nó a raibh siad rannpháirteach iontu le linn 2005:

- Féile Fhlaidireacht agus Bhaoite Sáile amháin na hEorpa i gCairlín,
- Laethanta Feabhail - ceiliúradh Oidhreachta Muirí,
- Rásaí luamh J24 agus Péarla Oisre arna n-óstáil ag cumann luaimh Dhún Dealgain agus Chairlinne,
- “Éin fá Bhá Chairlinne” - céad deireadh seachtaine fairtheoireachta éan Chairlinne,
- Suirbhé ar Thuinníní Gorma ar Chósta Thuaidh na hÉireann agus an fhéidearthacht le Slatiascaireacht “Géime Mhóir” do Thurasóirí
- Féile Cheilteach Eorpach na Mara i gcomhpháirtíocht le Forbairt Tuaithe an Iardheiscirt

GLUAIS

Baictéareolaíocht	Tagraíonn seo do bhaictéir
Suirbhéanna beantacha	Suirbhéanna ar ghrinneall na farraige
Bithocsainí	Tocsainí a tháirgeann speicis áirithe algaí
Iasc garbh	Éisc mar róiste, ruán, bhran, phéirse, ghailliasc, chúramán etc.
Deascadh uibheacha	Líon na n-uibheacha a dheascann iasc fásta
Leictri-iascaireacht	Teicníocht a úsáideann leictreachas le héisc a ghabháil. Baintear úsáid as saintreallamh le lucht leictreach a tháirgeadh a cheadaíonn néal a chur in éisc taobh istigh d'achar áirithe agus iad a ghabháil gan díobháil.
Ubháin súileacha	Céim fhorásach ubh bhradáin/bhric nuair a thagann súile an éisc óig ris.
Macraí-inveirteabraigh	Feithidí a fhaightear i srutháin.
Céimshrian sceite	Líon na n-iasc nár sceith go fóill ag deireadh an tséasúir.
Salmonids	Bric agus bradáin.

Loughs Agency Annual Report and Accounts 2005

AGUISÍN 1 TORTHAÍ OS COINNE SPRIOCANNA 2005

CUSPÓIR	TUAIRISC CHUN DÁTA
1. Iascaigh bhradán agus intíre Cheantair an Fheabhail agus Chairlinne a chaomhnú agus a chosaint.	
PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT	
1.1 Eolas Bainistíochta	
1.2 Cosaint agus Feabhsú Ghnathóg	
1.3 Forghníomhú	
1.4 Oideachas	
1.5 Eolas agus comhairle a sholáthar i dtaobh Bhille an Fheabhail agus Chairlinne	
SPRIOC FEIDHMÍOCHTA	
1.1.1 Figiúirí deimhnithe earcaíochta d'éisc lánfhasta a sholáthar ó na háiritheoirí éisc ar an Ró, an Fhochaine, an Mhorn, Abhainn Coilleadh, an Chamabhainn, Abhainn Chúil Damhcha agus an Fhinn faoi Nollaig 2005.	Soláthraíodh comhairimh deimhnithe - tá feidhm le hathbhreithniú leanúnach ar an obair ina thaobh seo
1.1.2 Suirbhé a dhéanamh ar 340 láithreán leictre-iascaireachta faoi dheireadh Mheán Fómhair 2005.	Críochnaithe
1.1.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar an chlár monatóireachta géineolaíochta agus córas samplála a chur i bhfeidhm faoi Aibreán 2005	Tá an chéad chéim críochnaithe agus an tuarascáil foilsithe. Earcaíodh cúntóir taighde le bheith ag obair sa tsaotharlann ghéineolaíochta ag OBBF agus tosóidh an 2ú céim gan mhoill
1.1.4 Athbhreithniú a dhéanamh ar shuirbhéanna garbhiascaigh agus iad a leathnú faoi Dheireadh Fómhair 2005	Níor baineadh seo amach mar gheall ar easpa acmhainní foirne
